Department of Education
www.education-ni.gov.uk

# TransformED

## Curaclam Thuaisceart Éireann 2028:
## Treoracha Gairide do Scoileanna

## TREOIR 6: TUISCINT A FHÁIL AR STRUCHTÚR AN CHURACLAIM NUA



# Cuspóir na treorach seo

Míníonn an treoir seo an dóigh a n-eagraítear atá Curaclam Thuaisceart Éireann 2028 atá beartaithe agus an dóigh a n-oibríonn a chomhpháirteanna éagsúla le chéile le curaclam níos soiléire, níos ciallmhaire agus níos cothroime a sholáthar do gach foghlaimeoir.

Tá sé tábhachtach struchtúr an churaclaim nua a thuiscint mar go gcuidíonn sé le scoileanna a fheiceáil cad é mar a fhéachfaidh na leasuithe atá beartaithe le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a sainaithníodh san Athbhreithniú Straitéiseach, lena n-áirítear easpa soiléireachta, dul chun cinn fo-optamach agus neamhréireacht i dtaithí churaclaim na ndaltaí.

# Curaclam bunaithe ar ábhair

Cáineadh mór ar an churaclam reatha is ea go bhfuil sé eagraithe fríd Réimsí Foghlama leathana agus nach bhfuil mórán sonraíochta ann maidir leis an eolas ba chóir do dhaltaí a fhoghlaim. Fuair an t-athbhreithniú amach gur minic a bhí éagsúlacht idir scoileanna, bearnaí san fhoghlaim, athbhreithniú gan ghá agus deacrachtaí maidir le dul chun cinn a chinntiú le himeacht ama mar thoradh air seo.

Dá bhrí sin, léiríonn an curaclam nua aistriú d'aon ghnó i dtreo cur chuige níos struchtúrtha, atá bunaithe ar ábhair. Is é an aidhm atá leis soiléireacht níos fearr a thabhairt fá na rudaí a bhfuil daltaí i dteideal a fhoghlaim agus cad é mar ba chóir foghlaim a fhorbairt ó Bhunchéim go dtí Eochairchéim 3.

Dá bhrí sin, is gné lárnach den churaclam nua an bhéim a leagann sé ar ábhair mar an phríomhbhealach trína bhfaigheann daltaí rochtain ar eolas agus ar thuiscint. Uaireanta tugtar curaclam atá faoi stiúir réimse air seo toisc go léiríonn gach ábhar corp eolais, coincheap agus bealaí smaointeoireachta ar leith.

Leagtar amach sa tábla thíos struchtúr beartaithe Churaclam nua Thuaisceart Éireann, lena n-áirítear na hábhair, na céimeanna staidéir agus na príomhcheisteanna dearaidh ó Bhunchéim go hEochairchéim 3.

| Ábhar | Príomh-Eolais |
|---|---|
| Ealaín agus Dearadh | Bunchéim go hEochairchéim 3: |
| Teicneolaíocht Dhigiteach | Is ábhar nua í an Teicneolaíocht Dhigiteach i ngach céim den churaclam ó Bhunchéim go hEochairchéim 3 |
| Béarla agus Dráma | Bunchéim go hEochairchéim 3.<br>Leagann creat an Bhéarla amach teidlíochtaí foghlama de réir eochairchéim faoi láthair d'Eochairchéim 2 agus Eochairchéim 3 araon. I gcás na Bunchéime agus Eochairchéim 1, áfach, socraítear na teidlíochtaí foghlama de réir bliainghrúpa le tuilleadh tacaíochta agus struchtúir a sholáthar do scoileanna le linn na tréimhse ríthábhachtach seo den litearthacht luath. |
| Tíreolaíocht | Bunchéim go hEochairchéim 3: |
| Stair | Bunchéim go hEochairchéim 3: |
| Eacnamaíocht Bhaile | Eochairchéim 3 amháin |

| Ábhar | Príomh-Eolais |
|---|---|
| Feasacht Teanga agus Chultúrtha | Cuirtear Feasacht Teanga agus Chultúrtha san áireamh mar **ábhar curaclaim roghnach ag Eochairchéim 2** le creat a thabhairt do scoileanna le taithí dhearfach ar fhoghlaim teanga a sholáthar do dhaltaí agus lena bhfeasacht ar chultúir éagsúla a leathnú. |
| Matamaitic | Bunchéim go hEochairchéim 3.<br>Tá struchtúr chreatlach na Matamaitice difriúil ó chreatlacha eile sa mhéid is go ndéantar teidlíochtaí foghlama a bhriseadh síos de réir bliainghrúpa ag an bhunleibhéal seachas de réir eochairchéime. Léiríonn sé seo bunús ordlathach na matamaitice agus an gá atá le soiléireacht fá na coincheapa ba chóir a dhaingniú san ord ceart. |
| Nuatheangacha | Tá curaclam na dTeangacha Nua-Aimseartha ag Eochairchéim 3 deartha mar chlár atá struchtúrtha go docht a fhorbraíonn inniúlacht tosaitheoirí i bpríomhtheanga nua-aimseartha fríd mhúnla foghlama soiléir agus carnach. Tá fónaic, stór focal agus gramadach ag croílár an churaclaim seo, a sholáthraíonn na codanna riachtanacha don teanga. Cuirtear iad seo i bhfeidhm ansin fríd éisteacht, léamh, labhairt agus scríobh, rud a chinntíonn go n-úsáideann na daltaí a gcuid eolais i gcumarsáid thábhachtach seachas déileáil le scileanna mar ghnéithe ar leithligh nó scoite. |
| Ceol | Bunchéim go hEochairchéim 3: |
| Corpoideachas | Bunchéim go hEochairchéim 3: |
| Pearsanta, Sóisialta, Saoránacht agus Gairmeacha (PSSG) | Is réimse ábhair nua é Pearsanta, Sóisialta, Saoránacht agus Gairmeacha a chuirfear in ionad An Fhorbairt Phearsanta agus An Chomhthuiscint (FPC) ag leibhéal bunscoile agus Foghlaim don tSaol agus don Obair (FSO) ag Eochairchéim 3. |
| Eolaíocht | Bunchéim go hEochairchéim 3.<br>Tá an eolaíocht ag Eochairchéim 3 roinnte ina Bitheolaíocht, Ceimic agus Fisic, agus tá sí faoi thaca ag *cineálacha, cleachtais agus noirm na heolaíochta,* a dhíríonn ar na bealaí bunúsacha ina ngintear eolas eolaíoch, ina ndéantar tástáil agus ina ndéantar bailíochtú air.<br>Ní snáithe scoite atá le teagasc ar leithligh é cineálacha, cleachtais agus noirm na heolaíochta: is féidir na smaointe seo a chur i bhfeidhm fríd lionsaí na dtrí réimse ábhair shonracha ag an eochairchéim seo le tuiscint na ndaltaí ar an dóigh a ndéantar eolaíocht a thógáil agus a dhoimhniú, agus le tús a chur le cuid de na cineálacha cur chuige seo a úsáid dóibh féin. |
| Teicneolaíocht & Dearadh | Bunchéim go hEochairchéim 3.<br>Ag leibhéal bunscoile, tá sé beartaithe go leagfar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Dearadh amach mar ábhar amháin sa deireadh ach le soiléireacht a léiriú maidir le dul chun cinn go leibhéal iar-bhunscoile agus aiseolas dírithe ar ábhair a spreagadh, cuireadh i láthair iad mar dhá chreat ábhair sa chomhairliúchán seo. |

# Ábhair: codanna lárnacha an churaclaim

Tá an curaclam comhdhéanta de chreatlacha aonair do gach ábhar. Tá dhá chomhpháirt lárnach i ngach creat ábhair.

**Ráiteas físe**

Tosaíonn gach ábhar le ráiteas físe gonta ina mínítear cén fáth a bhfuil an t-ábhar tábhachtach agus an cuidiú a dhéanann sé le forbairt intleachtúil, chultúrtha agus phearsanta na leanaí.

**Teidlíocht churaclaim**

Tá ráitis teidlíochta curaclaim atá sainmhínithe go soiléir i ngach ábhar fosta a shonraíonn an t-eolas, na coincheapa, an stór focal agus an tuiscint ba chóir do dhaltaí a fhorbairt ag céimeanna éagsúla. Tá siad seo scríofa mar ráitis ghonta "Ba chóir do dhaltaí ....... a fhoghlaim".

Cinntíonn sé seo soiléireacht níos fearr fá na rudaí a bhfuil daltaí i dteideal a fhoghlaim agus laghdaíonn sé an gá atá ar scoileanna ceanglais leathana churaclaim a léirmhíniú.

# Cad é mar a chuirtear dul chun cinn san áireamh sa churaclam

Ceann de na hathruithe struchtúracha is suntasaí ná an bhéim atá ar dhul chun cinn. In ionad glacadh leis gur cuid den churaclam é an dul chun cinn, tá sé deartha le bheith ina chuid lárnach de. Cuirtear an t-eolas a in ord go cúramach ionas go gcruthaíonn foghlaim níos luaithe an bunús don fhoghlaim níos déanaí. Déantar athbhreithniú ar choincheapa tábhachtacha, déantar iad a leathnú agus a dhoimhniú de réir mar a théann na daltaí fríd an scoil.

Mar sin de, ní bhaineann dul chun cinn go simplí le bogadh ó thopaic amháin go ceann eile. Baineann sé le:

- doimhneacht eolais a mhéadú;
- tuiscint níos sofaisticiúla a fhorbairt;
- stór focal a neartú;
- heolas a chur i bhfeidhm ar bhealaí atá ag éirí níos casta; agus
- naisc níos láidre a thógáil ar fud na foghlama.

# Cén tsolúbthacht a choinneoidh scoileanna?

Cé go bhfuil an curaclam níos sainiúla ná an creat reatha, leanfaidh scoileanna de ról ríthábhachtach a imirt i ndearadh an churaclaim.  Sainmhíníonn an curaclam reachtúil cad é ba chóir do dhaltaí a fhoghlaim. Coinníonn scoileanna an fhreagracht as cinneadh a dhéanamh fá:

- cad é mar a eagraítear an fhoghlaim;
- na hacmhainní a úsáidtear;
- na téacsanna, na samplaí agus na cás-staidéir a roghnófar;
- cad é mar a leithdháilfear am curaclaim; agus
- cad é mar a dhéantar an fhoghlaim a oiriúnú le freastal ar riachtanais áitiúla.

Dá bhrí sin, tá sé mar aidhm ag an churaclam cothromaíocht a bhaint amach idir teideal coiteann agus neamhspleáchas gairmiúil.

# Cad iad na hathruithe?

Tá roinnt gnéithe den struchtúr atá beartaithe difriúil ón churaclam reatha. Ina measc siúd, tá:

- béim níos láidre ar ábhair agus ar dhisciplíní;
- ráitis teidlíochta curaclaim níos soiléire;
- sonraíocht níos fearr ar eolas agus ar stór focal;
- dul chun cinn mar chuid lárnach de chreat an churaclaim;
- tabhairt isteach na Teicneolaíochta Digití mar ábhar ó bhunchéim go hEochairchéim 3;
- tabhairt isteach Pearsanta, Sóisialta, Saoránacht agus Gairmeacha in áit FPC agus FSO; agus
- nasc níos láidre idir ábhar an churaclaim agus forbairt cumais.

Le chéile, tá sé mar aidhm ag na hathruithe seo soiléireacht, comhsheasmhacht agus dul chun cinn a neartú ar fud an chórais oideachais.

# Cén tionchar atá aige seo ar scoileanna?

Beidh ar scoileanna a bheith cleachta le struchtúr na gcreatlach ábhar nua agus ar an dóigh a n-eagraítear dul chun cinn taobh istigh de agus ar fud na n-ábhar.

In áit samhlacha dul chun cinn a chruthú ó bhonn, beidh scoileanna in ann creat an churaclaim a úsáid mar bhunús le pleanáil churaclaim. D'fhéadfadh fócas na bplé fán churaclam a aistriú níos mó i dtreo sheicheamhú, chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbíonn rochtain ag gach dalta ar an churaclam beartaithe.

I gcás go leor scoileanna, féadfaidh na leasuithe dea-chleachtas atá ann cheana a threisiú agus soiléireacht níos fearr a sholáthar maidir le heolas, dul chun cinn agus teidlíocht ag an am chéanna.

# Ceisteanna plé do scoileanna

1. Cén dóigh a bhfeabhsóidh an struchtúr nua dul chun cinn curaclaim do dhaltaí?
2. An mothaíonn an chothromaíocht atá beartaithe idir teidlíocht agus solúbthacht fóirsteanach?
3. An bhfuil gnéithe den struchtúr a bhfuil soiléiriú breise ag teastáil ina leith?
4. Cén t-aiseolas a thabharfadh ár scoil ar struchtúr an churaclaim atá beartaithe?

# Príomhtheachtaireacht

**Tá Curaclam Thuaisceart Éireann 2028 atá beartaithe tá sé bunaithe ar ábhair, dul chun cinn agus teidlíocht churaclaim chomhroinnte. Fríd chreataí ábhair níos soiléire, dul chun cinn níos láidre agus nasc níos dlúithe idir eolas agus cumais a sholáthar, tá sé mar aidhm ag an struchtúr nua comhleanúnachas, comhsheasmhacht agus cothromas níos fearr a sholáthar do gach foghlaimeoir.**

# Léitheoireacht mholta

- Curaclam 2028: Páipéar achomair (caibidil 6)
- Dréacht-shiollabas Oideachais Reiligiúnaigh
- Curaclam 2028: Creataí Ábhair